ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

Padraig McManus

Is fachtóirí iad na nithe seo a leanas; infheistíocht fhorásach i dtionscal an leictreachais, athchóiriú rialála agus margaidh, athrú aeráide, ár méid a laghdú sa bhaile agus a leathnú thar lear, freastal ar riachtanais ár gcustaiméirí, riachtanais atá ag méadú, a tharla sa bhliain 2006 agus bhí obair chrua le déanamh ag BSL de bharr na bhfachtóirí sin. Tá áthas orm a rá go ndeachaigh an chuideachta i ngleic leis an iliomad dúshlán a bhí os a comhair go cuimsitheach agus lean an chuideachta ar aghaidh ag forbairt na gné is ríthábhachtaí seo d'infrastruchtúr eacnamaíoch agus sóisialta na hÉireann.

Éilíonn tionscal an leictreachais peirspictíochtaí agus scóip infheistíochta fadtéarmacha. Is trí phleanáil straitéiseach agus sin amháin a fhéadfaidh BSL a phríomhdhualgas agus a dhualgas bunúsach maidir leis an bpobal a chomhlíonadh – cumhacht a sheachadadh ar shlí shábháilte chuig ár mbailte, ár monarchana, ár n-ospidéil, ár scoileanna, ár ngnólachtaí. Lean an chuideachta ar aghaidh á dhéanamh sin i rith na bliana 2006 agus ceanglaíodh breis agus 100,000 custaiméir nua leis na gréasáin leictreachais don chéad uair riamh in aon bhliain amháin.

Agus BSL ina chuideachta a bhíonn ag déileáil le táirge atá in ann a bheith marfach, ní thagraítear do thorthaí den scoth i ndáil le sábháilteacht. Ina áit sin, dírimid ar chásanna báis agus díobhála a íoslaghdú a mhéid in Éirinn agus is féidir trí na caighdeáin oibriúcháin is déine. Is ábhar misnigh dom é, áfach, a thabhairt le fios gur bhaineamar amach na cineál cuspóirí ar féidir leo a bheith mar bhonn ag a leithéid a bhaint amach go leanúnach. Ba í 2006 an chéad bhliain le breis agus seachtó bliain a d'imigh agus nach bhfuair duine den phobal, fostaí ná conraitheoir bás. Ba rud a bhí níos suntasaí a bhí ansin ós rud é gur cheangail an chuideachta líon custaiméirí lenár ngréasáin nár ceanglaíodh roimhe sin.

Táimid tiomanta a bheith ar thóir na gcaighdeán sábháilteachta atá a fhios againn a chuirfidh ar ár gcumas an sprioc a bhaint amach nach bhfaighidh aon duine bás.

Tá tiomantas láidir dá chustaiméirí – 2 milliún díobh anois – mar phríomhbhonn taca ag eiteas BSL. Cheangail an chuideachta beagnach 500,000 custaiméir nua idir na blianta 2001 agus 2006, rud arb ionann é agus borradh in éileamh nár facthas roimhe seo sa lá atá inniu ann.

Teastaíonn infheistíocht mhór in infrastruchtúr an leictreachais chun seirbhís den scoth, seirbhís shábháilte agus seirbhís ar féidir brath uirthi a chur ar fáil dár gcustaiméirí agus an gheilleagair a bhfuil siad ag maireachtáil ann agus sa bhliain 2006, cuireadh athchóiriú na ngréasán meánvoltais i gcrích in am agus de réir an bhuiséid. Go hachomair, ba é cur i bhfeidhm rathúil Leictriú na Tuaithe 2 a bhí ann. Ach fós, in ainneoin scála mór na hoibre agus infheistíocht na mbilliún euro a bhí i gceist, níor cuireadh mórán suntais ar agus ní dhearnadh scéal mór de Thionscadal Athnuachana na nGréasán.

Agus é sin mar chúlra, thit brabús na nGréasán 27% bliain ar bhliain de bharr thionchar diúltach Athbhreithniú cúig bliana ar Phraghsanna Gréasán. Bhí sé le sonrú san Athbhreithniú gur laghdaíodh an toradh ceadaithe ar shócmhainní na nGréasán breis agus 13% go 5.63% agus laghdaíodh costais oibriúcháin cheadaithe 20%.

Ba bhliain a bhí i 2006 inar baineadh go leor amach agus freisin inar léiríodh an iliomad dúshlán atá romhainn. Tá athrú aeráide anois ar bharr an chláir oibre domhanda i gcúrsaí polaitíochta, sóisialta agus eacnamaíochta agus tá BSL diongbháilte agus forghníomhach maidir lena chuid oibleagáidí sa réimse ríthábhachtach seo a chomhlíonadh. Seachas a bheith ar an ngineadóir “glas” is mó in Éirinn, cuireann BSL córais bhainistíochta comhshaoil atá creidiúnaithe go hidirnáisiúnta i bhfeidhm ag a chuid mórfhearas cumhachta agus comhlíonann an chuideachta na ceadúnais a eisíonn an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil uirthi go hiomlán. Táim meáite go mbeidh ról ag BSL, ról a éireoidh níos gníomhaí, clár oibre fuinnimh inathnuaite a chur chun cinn tríd an leibhéal agus an meascán giniúna cuí. Agus ábhair inathnuaite á n-úsáid, cuirtear sochair ar fáil i dtéarmaí costas carbóin íseal nó gan chostas carbóin ar bith, ach má tá sé sin chun oibriú, caithfimid a bheith faoi réir díospóireacht loighciúil a bheith againn maidir leis na saincheisteanna casta a bhaineann leis an leibhéal giniúna agus leibhéal na ngréasán. Dá ndéanfaí aon rud eile seachas sin, ní éireodh linn na spriocanna uaillmhianacha atá leagtha amach ag an rialtas.

Idir an dá linn, agus aghaidh á tabhairt ar shaincheisteanna maidir le soláthar a chinntiú amach anseo, chuir BSL pleananna ar aghaidh d’fhearas cumhachta gáis nua a fhorbairt ag Áth Fhada, Co. Chorcaí. Thángthas ar réiteach freisin leis an Rialtóir chun fearais áirithe eile a dhúnadh agus scaradh uathu chun infheisteoirí eile a mhealladh chun an mhargaidh.

Tá laghdú ghnó giniúna agus soláthair BSL sa mhargadh baile á dhéanamh go comhthreomhar le fás leanúnach ESB International thar lear. Tá an chuid idirnáisiúnta de BSL, a bhfuil ag éirí go han-mhaith leis, ag leanúint ar aghaidh ag cruthú punainne láidir d’fhearais sa Spáinn agus sa Bhreatain.

Táimid ag leanúint ar aghaidh in Éirinn ag oibriú i margadh ar athraigh an ráta athchóirithe rialála trí 2006 agus thug BSL aghaidh ar shaincheisteanna a bhain le costais, struchtúr na heagraíochta agus praghas agus chuaigh BSL i ngleic leo go díreach. Rinne an Rialtas roinnt cinntí lárnacha ar fháiltíomar rompu, go háirithe i ndáil le reachtaíocht a rith a éascaíonn an margadh leictreachais aonair – a bhfuil sé beartaithe a chur i bhfeidhm i mí na Samhna 2007 – agus tuilleadh idirnascadh a chur chun cinn.

Caithfidh mé, mar sin féin, imní a léiriú mar go bhfuil cur i gcrích an idirnaisc leis an RA fós mall.Tá sé ríthábhachtach go dtarlódh an fhorbairt sin chun tacú le hábhair inathnuaite a fhás ar an gcóras. I rith na bliana 2006, chuir an Rialtas Páipéar Uaine ar Pholasaí Fuinnimh i dtoll a chéile a raibh an Páipéar Bán a foilsíodh le déanaí mar thoradh air. Tugann an polasaí seo go leor dúshlán do BSL.

Ba bhliain thábhachtach eile a bhí i 2006 do BSL ina raibh orainn ár gcuspóirí a bhaint amach i dtimpeallacht atá ag éirí níos dúshlánaí agus níos deacra. Ach bhaineamar amach iad agus leanamar ar aghaidh á gcur féin sa staid go bhféadfaimid breathnú chun cinn, mar is ceart, i dtreo na mblianta atá romhainn le muinín agus le fuinneamh.

ATHBHREITHNIÚ OIBRIÚCHÁIN

B’ionann caiteachas caipitil ó 2001 go 2005 agus tuairim is €1,000 milliún in aghaidh na bliana; ba é €831 milliún an figiúr don bhliain 2006. Caitheadh €600 milliún de sin ar na Gréasáin a chothabháil agus a uasghrádú agus rinneadh €121 milliún a infheistiú i nGiniúint Chumhachta, ar an mórthionscadal comhshaoil i nGob na Muine, Co. an Chláir – forbairt a laghdódh astaíochtaí dióbhalacha ón stáisiún de bhreis agus 80%. Ceanglaíodh líon nua custaiméirí, líon nár ceanglaíodh riamh cheana – 105,127 ar an iomlán – le Gréasáin BSL i gcomparáid le 496,000 don Bhreatain go léir.

Cuireadh athchóiriú agus uasghrádú na 63,000 ciliméadar de ghréasáin mheánvoltais i gcrích go rathúil sa bhliain 2006. Léiríodh an fiúntas a bhain leis an infheistíocht sin le teacht aniar na nGréasán le linn stoirmeacha an gheimhridh. Cuirfidh an infheistíocht sin go mór le hiontaofacht agus láidreacht ár ngréasán go ceann blianta fada amach romhainn agus cuirfidh sé feabhas ar an tseirbhís do gach custaiméir leictreachais.

B’ionann agus 78% inúsáideacht stáisiúin chumhachta i gcomparáid lenár sprioc de 82%. Cé go raibh feidhmíocht an chuid is mó d’fhearais BSL ar aon dul leis na caighdeáin idirnáisiúnta is fearr, bhain fadhbanna le fearais níos sine a chuirfí as úsáid murach cúiseanna maidir le soláthar a chinntiú. Ba mar gheall air sin a lorg BSL cead i rith na bliana 2006 le haghaidh saoráid nua chomhthimrialla 430 MW a thógáil in Áth Fhada, Co. Chorcaí. Fuarthas an cead agus tá sé beartaithe tús a chur leis an obair thógála níos déanaí i mbliana. Is céim thábhachtach a bheidh san fhearas nua seo, chomh maith le clár chun scaradh le fearais mheánfhiúntais atá níos sine nó iad a dhúnadh, i dtreo ár gcuspóir a bheith mar ghineadóir cumhachta níos lú, níos éifeachtúla agus níos ilghnéithí.

Leis sin, beidh Giniúint Chumhachta BSL in ann a bheith in iomaíocht in aon chóir le gineadóirí eile, a bheidh mar 50% den mhargadh faoin mbliain 2008.

I 2006, lean ESB International lena straitéis deiseanna fáis a lorg thar lear mar chúiteamh don sciar laghdaithe den mhargadh sa bhaile. Go dtí seo, tá fearais ghiniúna coimisiúnaithe i dTuaisceart Éireann (400 MW i gCúl na gCaorach) agus sa Spáinn (800 MW in Amorebieta). Fuair ESB International na toilithe agus na ceaduithe riachtanacha go léir chun saoráid chomhthimthrialla 840 MW a thógáil in Marchwood i ngar do Southhampton. Forbróidh ESB International an tionscadal seo ar bhonn comhfhiontair le Scottish & Southern Electricity plc agus tá sé beartaithe tús a chur leis an obair thógála i rith 2007.

ATHBHREITHNITHE AR PHRAGHSANNA

Is é an Rialtóir a chinneann praghas an leictreachais atá le híoc ag custaiméirí. Tá an praghas deireadh a íocann custaiméirí comhdhéanta de ghnéithe giniúna, soláthair, gréasán (tarchur/dáileadh) agus Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí (PSO). Tá na gnéithe giniúna agus soláthair is infheidhme ar gach gineadóir agus gach soláthróir agus is é BSL go príomha, a fhabhraíonn gnéithe na ngréasán agus PSO. Tháinig ardú 4.1% ar mheánphraghas leictreachais sa bhliain 2006. Is de bharr titim 11% i mbunmhuirir na nGréasán iníoctha le BSL a teorannaíodh an t-ardú don leibhéal seo.

Maolaíodh praghsanna breosla ar na margaí idirnáisiúnta sa dara leath de 2006 a bhí mar thoradh dearfach ar phraghsanna leictreachais ó 1 Eanáir 2007.

AN MARGADH LEICTREACHAIS AONAIR

Síníodh Meabhrán Tuisceana idir rialtas na Breataine agus rialtas na hÉireann i mí na Nollag 2006 maidir le Margadh Leictreachais Aonair ("SEM") a bhunú agus a oibriú ó thuaidh agus ó dheas. Déantar soláthar tríd an SEM do mhargadh mórdhíola aonair le go ndíolfaidh gineadóirí leictreachais le soláthróirí ar bhonn uile-oileánda.

I rith na bliana 2006, chuaigh BSL i mbun infheistíocht mhór a dhéanamh i bpróisis agus i gcórais ghnó nua mar ullmhúchán don SEM a bhfuil sé beartaithe go dtiocfaidh sé i bhfeidhm i mí na Samhna 2007. Is ar CER atá an fhreagracht reachtúil maidir le soláthar a chinntiú agus éascóidh an SEM iomaíocht idir BSL agus gineadóirí eile in aon chóir.

EIRGRID CPT

Ón 1 Iúil 2006, ghlac Eirgrid cpt, cuideachta ar leithligh faoi úinéireacht an Stáit, freagracht as an gcóras tarchuir leictreachais a oibriú agus a chothabháil ó Eangach Náisiúnta BSL. Roimhe sin, ba é Eangach Náisiúnta BSL a chuaigh i mbun na bhfeidhmeanna sin ar bhonn imfhálaithe. Is mian liom aitheantas a thabhairt do na daoine go léir a chuir le bunú Eirgrid a thabhairt chun críche go rathúil.

IDIRNASC

Tar éis don Rialtas cinneadh a dhéanamh i 2006, chuir an Rialtóir tús le comórtas a leagan amach le haghaidh idirnasc leictreachais faoin bhfarraige a thógáil idir Éire agus an Bhreatain. Is faoi úinéireacht Eirgrid a bheidh an t-idirnascaire agus tá sé ar an sceideal a bheith i bhfeidhm faoin mbliain 2012. Tá idirnascaire nua thuaidh-theas ar an sceideal a bheith curtha i gcrích faoi 2011-2012.

Fáiltíonn BSL roimh na mórthionscadail dhúshlánacha idirnasctha seo mar go gcuirfidh siad le hiomaíocht agus feabhsóidh siad cobhsaíocht an chórais ar mhaithe le gach custaiméir, lena n-áirítear custaiméirí BSL.

SÁBHÁILTEACHT

Tá BSL tiomanta go leanúnach sábháilteacht a chinntiú. Sa bhliain 2006 agus don chéad bhliain ó 1934, níor tharla aon díobháil mharfach do bhall foirne, do chonraitheoir ná do dhuine den phobal. Rinne dul chun cinn mór freisin maidir le líon na ndíobhálacha foirne a raibh neamhláithreacht de bhreis agus aon lá amháin (am caillte) mar thoradh orthu a laghdú go 55. Léiríonn sé sin laghdú de bhreis agus 80% le naoi mbliana anuas.

Tá clár forleathan ceannaireachta sábháilteachta ar siúl tríd BSL ar fad lena dtacaíonn an Bord agus an bhainistíocht go hiomlán chun aghaidh a thabhairt ar phríomhshaincheisteanna sábháilteachta straitéiseacha. Téann gach bainisteoir sinsearach i mbun iniúchtaí agus athbhreithnithe sábháilteachta. Cuidíonn siad sin lenár dtiomantas do shábháilteacht a léiriú don fhoireann agus do chonraitheoirí.

Tá dul chun cinn maith ag an bPáirtíocht Straitéiseach leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta chun sábháilteacht lecitreachais sna hearnálacha tógála agus talmhaíochta a fheabhsú.

Is é BSL an t-urraí náisiúnta do fhoireann haca mhná na hÉireann agus haca cailíní.

AN COMHSHAOL

Tá athrú aeráide ar cheann de na dúshláin is mó don domhan sa lá atá inniu ann. Sa chomhthéacs seo, choimisiúnaigh BSL 60 MW breise de ghiniúint gaoithe inathnuaite in Éirinn sa bhliain 2006, rud a thug an líon iomlán de ghiniúint gaoithe in Éirinn faoi úinéireacht BSL nó conraithe ag BSL sa bhliain 2006 suas go dtí 296 MW. Is ionann é sin agus 29% den ghiniúint leictreachais inathnuaite go léir in Éirinn agus léiríonn sé BSL mar an soláthróir is mó leictreachais glais. Leanfaimid ar aghaidh ár bpunainn inathnuaite a fhorbairt, lena n-áirítear trí infheistíochtaí idirnáisiúnta.

Laghdaigh astaíochtaí dhé-ocsaíd charbóin BSL in Éirinn go 10.6 milliún tonna (Mt) sa bhliain 2006 ó 12.3 Mt sa bhliain 2005. Ba thoradh é an laghdú seo gur bhain BSL a aidhm amach astaíochtaí a theorannú go 11 Mt. Titfidh astaíochtaí sainiúla BSL níos mó le forbairt an fhearais nua gáis ag an Áth Fada.

Seachas dhá aonad giniúna éigeandála, tá gach stáisiún giniúna de chuid BSL, idir stáisiúin hidrileictreachais agus stáisiúin theirmeacha creidiúnaithe anois go dtí an caighdeán an chórais bhainistithe comhshaoil ISO 14001. Tá ceanglais a chuid ceadúnais um Chosc agus Rialú Comhtháite ar Thruailliú arna n-eisiú ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil comhlíonta go hiomlán ag BSL. Leis an tionscadal iarfheistithe comhshaoil €380 milliún ag stáisiún guail Ghob na Muine, laghdófar a chuid astaíochtaí dhé-ocsaíd sulfair agus ocsaídí nitrigine de bhreis agus 80%. Tá an tionscadal seo ag dul de réir sceidil le cur i gcrích i 2008.

Tá BSL ag laghdú an méid breosla a úsáidtear inár bhflít iompair trí pholasaí feithiclí éifeachtúla ó thaobh bhreosla a cheannach, saoráidí físchomhdhála a chur ar fáil agus tríd an fhoireann a spreagadh chun úsáid a bhaint as iompar poiblí.

FREAGRACHT CHORPARÁIDEACH

Leathann freagracht chorparáideach trí chultúr ár n-eagraíochta, trínár rialuithe pleanála agus oibriúcháin agus trínár bhfreagra ar ár ndualgais dlíthiúla agus reachtúla. Coinníonn sé sinn mar sholáthróir fuinnimh príomha agus tá sé mar bhonn taca ag ár gcaidreamh lenár gcustaiméirí, lenár bhfoireann agus leis an rialtas. Léirítear é ar leibhéal amháin

trínár gcláir chomhshaoil agus sábháilteachta agus síneann sé chuig tionscadail phobailbhunaithe lena ndéileáiltear le cosc ar fhéinmharú agus cúram do dhaoine gan dídean.

Tá clár forleathan urraíochta ag BSL ina ndéantar urraíocht ar Chraobhacha Mionúr Iomána agus Peile CLG, foireann náisiúnta haca mhná agus haca cailíní, féile cheoil Cheilteach BEO BSL, sraith idirnáisiúnta Rugbaí Sé Náisiún faoi 20 sa bhaile chomh maith le tacaíocht a thabhairt do lúthchleasaí Idirnáisiúnta Éireannacha trí chlár forbartha Lúthchleas Éireann.

DAOINE

Molaim ár bhfoireann a chaithfidh leanúint ar aghaidh ag dul i ngleic leis an dúshlán a bhaineann le hathrú radacach sa tionscal. Bhí foireann de 13,500 ag BSL ina ghníomhaíochtaí chroíláir in Éirinn breis agus 20 bliain ó shin. Inniu, tá 6,700 sa ghnó croílair agus 1,100 in ESB International – d'ainneoin an ardaithe mhillteanaigh i leibhéil gníomhaíochta mar thoradh ar ár gclár infheistíochta agus ar an bhfás dinimiciúil sa gheilleagar. Is beag cuideachta, cibé samhail úinéireachta a bheadh acu, a bheadh ábalta athrú chomh mór agus feabhsuithe feidhmíochta agus feabhsuithe tógála infrastruchtúir den sórt sin a sheachadadh ag an am céanna.

Is toradh é an rathúlacht seo ar chomhpháirtíocht agus comhthuiscint ar an ngá atá le hathrú. Is éard a bhí mar thoradh ar an gcomhchur chuige seo leis an bhfoireann agus le cearchumainn ná gur tugadh aghaidh i gcomhar ar ár n-easnamh pinsin i mí Eanáir 2006. Leanfaimid ar aghaidh an scéal seo a choinneáil faoi athhreithniú agus fios againn go bhféadfaimis aghaidh a thabhairt ar na dúshláin, fíordhúshláin, atá amach romhainn.

Sa bhliain 2006, scoir ár gcomhghleacaí uasal agus ár gcara, Tony Donnelly as a phost mar Leas-Phríomhfheidhmeannach tar éis breis agus 40 bliain a chaitheamh ag tabhairt seirbhíse den scoth do BSL. Ceapadh comhghleacaí eile a bhfuil ardmheas air, Seán Wyse, mar Stiúrthóir ar Elcom, an t-eadránaí maidir le gearáin a bhaineann le leictreachas.

Ceapadh Aidan O'Regan mar an Leas-Phríomhfheidhmeannach nua agus ceapadh Bríd Horan ina Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar Sholáthar BSL agus Seirbhísí Grúpa.

AG FÉACHAINT CHUN CINN

Beidh BSL ag comóradh 80 bliain ar an bhfód sa bhliain 2007. Is bunphiléar é BSL ó bunaíodh é i bhforbairt an gheilleagair in Éirinn agus tá foireann agus bainisteoirí BSL fós tiomanta don sprioc sin, beag beann ar scála na ndúshlán gnó.

Tá BSL ag leanúint mar chuideachta láidir agus inmharthana agus táimid ag tnúth a bheith san iomaíocht sa mhargadh nua leictreachais uile-oileánda. Measaimid go dtarlóidh athruithe eile le teacht na n-imreoirí nua, le tógáil an idirnaisc nua agus le comhtháthú níos mó na margaí in Éirinn, san RA agus san Fhrainc.

Leanfaidh ESB International ar aghaidh ag fás go láidir, mar chúiteamh ar an gcaillteanas dosheachanta maidir leis an sciar den mhargadh baile.

Is é an dúshlán atá ann do BSL leanúint ar aghaidh le seirbhís den chéadscoth a chur ar fáil dá chustaiméirí go léir agus é á chur féin in oiriúint do réaltachtaí nua an mhargaidh agus ag comhlíonadh a dhualgas comhshaoil agus corparáideach.

Beidh an méid sin go léir thuas ina réaltacht trínár n-eolas neadaithe, trínár dtaithí, trínár n-oidhreacht idirghníomhú lenár bpobal agus trínár dtiomantas don tseirbhís phoiblí.

Padraig McManus
Príomhfheidhmeannach
19 Aibreán 2007